



**COLÁISTE
GHOBNATAN**
BAILE MHIC ÍRE, CO. CHORCAÍ



21-08-20

Beatha agus sláinte chugaibh.

Seo chugaibh an blúirín eolais is déanaí i dtreo athoscailt na scoile.

Tuigim go bhfuil inní san aer ar na meáin agus sa saol ach tá dualgas orainn ullmhú d'oscailt na scoile. Chuige sin, seo chugaibh sonraí níos cuimsithí agus níos sonraithe mar gheall ar a bheidh i gceist.

Rudaí atá eagraithe agus le cur i bhfeidhm ag pobal na scoile:

Ar Maidin

- Beidh ar gach éinne na lámha a ní ar an slí isteach ar scoil (nó iad a dhíghalrú), iad a choimeád glan i rith an lae agus arís ag imeacht ón scoil. Tá doirtíl nua (5) curtha taobh amuigh den scoil agus beidh siad ar fáil do phobal na scoile i rith an lae.
- Tá “seomra baile” bronnta ar gach rang. Ní mór do dhaltaí imeacht chuig an seomra úd céad rud ar maidin. Ní bheidh aon “crochadh timpeall” mar a bhíodh roimhe seo, is baolach.
- Táimid tar éis na seomraí a athchóiriú agus a athstruchtúró chun an scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm. Beidh na daltaí sa seomra céanna dos na croí-ábhair agus ag bogadh dos na hábhair roghnacha don chuid is mó. Gan amhras, níl go leor spáis againn ach beidh an halla tionóil in úsáid chomh maith leis na hoifigí do ranganna beaga agus tacaíocht foghlama.

Clúdaigh Aghaidh

- Beidh clúdach aghaidh (masc) á chaitheamh i rith an lae nuair nach mbeidh an 2 mhéadar d'fhadú fisiceach á choimeád, don chuid is mó de ranganna i ndáiríre.

Ní bheidh aon eisceacht anseo ach amháin má tá litir ón dochtúir. Cuir scairt orm led'thoil má tá aon cheist agat.

- Beidh beart tosnaíthe á bhronnadh againn ar gach dalta (masc x2 (aon úsáid), cealtair, díghalrú lámh, ceirtíní). Ní mór do thuismitheoirí beart meaisc a cheannach, déanta as éadach, deartha agus daite go hoiriúnach don suíomh scoile. Beidh maisc ar fáil ar scoil ar eagla go ndéanfar dearmad é a thabhairt isteach.

Na Brisí & Am Lóin

- Beidh cuma difriúil ar an lá scoile (briseadh na maidine agus am lóin céimnithe):

9:00-9:40	Gnáthranganna	Gach grúpa	
9:40-10:20	Gnáthranganna	Gach grúpa	
10:20-10:35	Briseadh na maidine luath	Do Ghrúpa X	Bl.1,3,5 mar shampla
10:35-11:15	Rang	Do Ghrúpa X	Bl.1,3,5 mar shampla
11:00-11:15	Briseadh an maidine	Do Ghrúpa Y	Bl. 2,4,6 mar shampla
12:35-1:15	Lón luath	Do Ghrúpa Y	Bl. 2,4,6 mar shampla
1:15-1:50	Rang	Do Ghrúpa Y	
1:15-1:50	Lón	Do Ghrúpa X	Bl.1,3,5 mar shampla
1:50-15:50	Gnáthranganna	Gach grúpa	

- Beidh grúpa amháin (ó bl. 4/5/6) ag imeacht go dtí an Óstán (tá spás ar chúl ar cíós againn ann) chun an lón a ithe ann. Beifear ag súil go mbeidh an lón á thabhairt ann leo.
- Beidh an halla tionól mar bhialann mar sin agus malartóidh na grúpaí gach 15 nóiméad (glan síos, ith, glan síos, an chéad grúpa eile srl.)
- Moltar nach mbeidh daltaí ag bailiú i ngrúpaí móra ach ag fanacht ina ngrúpaí ranga ag na brisí.
- Leanfar ar aghaidh ag soláthar ceapairí agus rollaí úr-dhéanta gach lá. Ní bheidh uisce fuaraithe ar fáil. Ní mór do dhaltaí é thabhairt leo.

Corpoideachas:

- De bharr nach mbeidh na seomraí feistis in úsáid, beidh cead ag daltaí an éide corpoideachais a chaitheamh an lá go mbíonn an t-ábhar acu.

Breoiteacht (cás Covid 19)

- Tá treoirlínte ar fáil ón Roinn Oideachais agus tuilleadh le teacht: [Leagan Béarla](#) [Leagan Gaeilge](#). Cuirfear iad i bhfeidhm go hiomlán agus táimid réidh dóibh.

Beidh freagracht pearsanta riachtanach agus inglactha chun na céimeanna seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Anois, táimid ag obair ar:

- Plean stórala na leabhair dos na daltaí mar ní bheidh na taisceadáin in úsáid acu.
- Guth na ndaltaí a chloisint.
- Treoracha do dhaltaí agus múinteoirí.
- Traenáil Covid 19 a sholáthar.
- Níl cinneadh déanta faoi Staidéar Tráthnóna fós.

I ndeireadh na dála, is ag laghdú an riosca a bheimid mar níl aon rud cinnte ag éinne faoi láthair. Iarraim ort arís teagmháil linn má tá moladh, buairt nó tuairim le roinnt agat.

Beidh cruinnithe á thionól don seachtain seo chugainn:


Dé Luain 24ú Lúnasa: Tuismitheoirí agus Daltaí bliain a 1: 7:00 i.n. (cuireadh le teacht maidin dé Luain).

Dé Máirt 25ú Lúnasa: Daltaí bl.2 &3 2:00 i.n. (cuireadh le teacht).

Dé Céadaoin 26ú Lúnasa: Daltaí bl. 4,5,6 2:00 i.n. (cuireadh le teacht).

Beadsa i dteagmháil libh arís i gceann seachtaine le níos mó eolais faoin athoscailt. Ar scáth a chéile a mhairimid agus mo bhuíochas libh as an tacaíocht go dtí seo.

Tabhair aire,



Toirdealbhach Ó Lionáird

Príomhoide

